

Oifig an
Office of the



Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

SCÉIM GHAEILGE
2014 - 2017

CLÁR

Réamhfhocal

1.	Réamhrá & Cúlra	4
2.	Forléargas ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	6
3.	Achoimre ar Sheirbhísí & ar Ghníomhaíochtaí agus ar a mhéid atá na seirbhísí sin ar fáil trí Ghaeilge	8
4.	Feabhsú ar na Seirbhísí a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge	12
5.	Monatóireacht	15
6.	Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe.....	16

RÉAMHFHOCAL

Tá ríméad orm an Scéim seo, triú scéim Gaeilge m’Oifige a sheoladh ina leagtar amach inti na seirbhísí Gaeilge a chuirfidh muid ar fáil le linn shaolré na Scéime.

Faoin dá Scéim Gaeilge roimhe d’éirigh le m’Oifigse réimse leathan seirbhísí Gaeilge a sholáthar. Tá rún agamsa anois leanúint leis na seirbhísí sin a sheachadadh agus a chinntiú go mbeidh an deis acusan ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an Oifig seo, sin a dhéanamh.

Tá obair mhór déanta ag an Oifig seo thar na blianta le láithreán greasáin na hOifige a fhorbairt mar acmhainn eolais don phobal i gcoitinne agus go háirithe d’iospartaigh agus d’fhinnéithe a mbeadh baint acu leis an gcóras ceartais coiriúil. Is mian linn mar sin gach iarracht a dhéanamh an láithreán a bheith dátheangach go háirithe an méid úsáide a bhaintear as an láithreán greasáin mar fhoinsé eolais.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt do chomhaltaí na foirne a bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge curtha ar fáil acu thar na blianta. Leanfaidh an Oifig ag tacú leo ina gcuid oibre le linn fheidhmiú na 3ú Scéime Gaeilge

Claire Loftus
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

1. RÉAMHRÁ & CÚLRA

Ullmhaíodh an scéim seo, an tríú Scéim Gaeilge ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, (DPP) faoi Alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (‘an tAcht’). Foráiltear leis an Acht, go n-ullmhódh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus do na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil laistigh de thréimhse socraithe ama.

1.1 Treoirínte maidir le hullmhú na Scéime

Ullmhaíodh an Scéim ar iarratas ón Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus de réir na dtreoirínte faoi Alt 12 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Faoi Alt 13 den Acht, foilsíodh fógra ar láithreán gréasáin Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i Nollaig 2012 agus ar láithreán gréasáin Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag lorg uiríoll ó pháirtithe leasmhara maidir le dréachtscéim a ullmhú. Tá na haighneachtaí sin mar fhaisnéis ag an scéim, i dteannta leis na tuairimí agus na moltaí a chuir an fhoireann ar aghaidh.

1.2 Ábhar na Scéime 2014-2017

Rinneadh na gealltanais ar fad a tugadh faoi chéad dhá Scéim na Roinne chun cur le leibhéal na seirbhíse i nGaeilge a chomhlíonadh. Is é cuspóir na Tríú Scéime ná a chinntiú go leantar ag seachadadh na seirbhísí sin le linn thréimhse na Scéime **2014-2017**.

Beidh an tAonad Cumarsáide & Forbartha, a thuairisceoidh don Choiste Comhpháirtíochta agus don bhainistíocht shinsearach laistigh den Oifig seo ar bhonn rialta, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

Áirítear ar an scéim tiomantas le measúnú a dhéanamh ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus lena chinntiú go leanfaidh an Oifig d’fhreastail a dhéanamh ar an éileamh sin ar bhealach beartaithe, comhleanúnach ina mbeidh teacht ag daoine air. Leanfaidh an Oifig de líon na gcásanna a bhaineann leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina bhféachann duine den phobal a imeachtaí / himeachtaí a sheoladh trí mheán na Gaeilge a mheas. Leanfaidh an Oifig de leibhéal na gceisteanna agus na n-iarratas maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a thomhas ar bhonn bliantúil.

1.3 Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Dara Scéim Gaeilge de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Rinne an tAonad Cumarsáide agus Forbartha monatóireacht ar Scéim Gaeilge Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ar cuireadh tús léi sa bhliain 2010 agus cuireadh tuarascálacha faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí lena bhfoilsíú i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga, measúnú ar an gcéad bhliain ar feidhmíodh an scéim atá le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.dppireland.ie.

1.4 Dáta tosach feidhme na Scéime 2014 - 2017

Dhearbhaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo. Beidh éifeacht leis an scéim ó **20.01.2014** agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse de 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

2. FORLÉARGAS AR OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

2.1 Obair ghinearálta na hOifige

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974. Tugtar an DPP ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tá sé mar mhisean ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ‘seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil do Phobal na hÉireann’. Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí comhdhéanta de dhá Rannán dhlíthiúla a fhaigheann tacaíocht ó Aonad Polasaí Ionchúisimh agus ó Aonad Leabharlainne agus Taighde. Cuireann an tAonad Riaracháin tacaíocht riaracháin ar fáil don eagraíocht ar fad.

Tá **an Rannán Stiúrtha** comhdhéanta d’abhcóidí agus d’aturnaetha a scrúdaíonn comhaid imscrúdaithe coiriúla agus a chinneann cibé acu ar chóir ionchúiseamh a thionscnamh nó gan a thionscnamh.

Tá **Rannán na nAturnaetha** comhdhéanta d’aturnaetha agus d’fheidhmeannaigh dhlíthiúla a ullmhaíonn agus a sheolann cásanna thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i ngach suí den Chúirt i mBaile Átha Cliath.

Forbraíonn an tAonad Polasaí Ionchúisimh polasaithe ionchúisimh a cuireann comhairle maidir le doiciméid pholasaí dhlíthiúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige lena mbreithniú.

Cuireann an **tAonad Leabharlainne agus Taighde** faisnéis agus eolas ar fáil don fhoireann riaracháin agus dlí chomh maith le seirbhísí taighde.

Soláthraíonn an **Rannán Riaracháin** na seirbhísí eagraíochtúla, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a bhíonn de dhíth ón Oifig ar fad.

2.2 Ról agus Feidhm Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Cuireann an Stiúrthóir an dlí choiriúil i bhfeidhm go neamhspleách sna cúirteanna thar ceann Phobal na hÉireann; stiúrann agus maoirsíonn sé nó sí ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sé nó sí treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána i ndáil le cásanna achoimre sna cúirteanna agus treoir shonrach i gcásanna ina n-iarrtar sin.

Is faoin Stiúrthóir atá sé cinneadh a dhéanamh ar chóir daoine a chúiseamh i gcionta coiriúla agus cad iad na cúisimh ba chóir a thabhairt. Nuair a dhéantar na cúisimh a thabhairt bíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i bhfeighil an cháis ionchúisimh.

Déanann an Stiúrthóir na cásanna is tromchúisí a ionchúiseamh i gcónaí agus déanann an Stiúrthóir cásanna nach mbíonn chomh tromchúiseach a

ionchúiseamh ar uairibh. Is os comhair giúiré a dhéantar na cásanna is tromchúisí a éisteacht sa Chúirt Choiriúil Chuarda nó sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Gníomhaíonn an Príomh-Aturnae Ionchúisimh mar aturnae don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus mar cheannasaí ar Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déanann foireann Rannán na nAturnaetha ionadaíocht ar an Stiúrthóir sna cúirteanna go léir i mBaile Átha Cliath. Déanann na hAturnaetha Stáit Áitiúla ionadaíocht ar an Stiúrthóir sna cúirteanna go léir lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

2.3 Ár ngeallsealbhóirí

Idirghníomhaíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le gníomhaireachtaí, oifigí, ranna agus daoine éagsúla agus seirbhís ionchúisimh á soláthar aici thar ceann Phobal na hÉireann. Seo a leanas ár ngeallsealbhóirí lárnacha:

- An Garda Síochána
- Sainghníomhaireachtaí Imscrúdaithe
- Aturnaetha stáit áitiúla
- Comhaltaí an Bharra
- An tArd-Aighne
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- Na cúirteanna agus an tSeirbhís Chúirteanna
- Íospartaigh Coiriúlachta
- Finnéithe
- Daoine cúisithe, daoine ciontaithe agus a gcomhairleoirí dlí
- Sainfhinnéithe
- Gníomhaireachtaí Stáit eile agus Ranna Rialtais
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Oifigí agus Eagraíochtaí Iomchuí an AE
- Cumainn Idirnáisiúnta Dlíodóirí agus Ionchúisitheoirí
- Soláthróirí Seirbhíse

3. ACHOIMRE AR SHEIRBHÍSÍ AGUS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS AR A MHÉID ATÁ NA SEIRBHÍSÍ SIN AR FÁIL TRÍ GHAeilGE

3.1 Is é príomh-chuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh siad ar chaighdeán níos airde. Tá gealltanas tugtha i bPlean Gníomhaíochta Scothsheirbhíse na hOifige:

- Go ndéanfar foilseacháin na hOifige go léir a fhoilsiú go dhátheangach
- Go leanfar dár láithreán gréasáin a choimeád i nGaeilge agus i mBéarla araon
- Go dtabharfar tacaíocht do gheallsealbhóirí agus a ngnó á sheoladh trí Ghaeilge
- Go gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
- Go gcuirfear úsáid na Gaeilge chun cinn trí chlár oiliúna agus trí thionscnaimh eile

Léiríodh na gealltanais sin i scéimeanna Gaeilge na hOifige roimhe seo agus atá mar chuid lárnach den Scém Gaeilge reatha seo.

3.2 Nuair a cuireadh an chéad Scém Gaeilge i bhfeidhm in 2005, d'ainmnigh an Oifig duine den fhoireann, a bhí inniúil sa Ghaeilge, mar Oifigeach Gaeilge. Tá Leas-Oifigeach Gaeilge ceaptha ó shin. Tá ról lárnach ag an oifigeach sin a fheidhmíonn mar phointe tagartha don obair go léir a eascraíonn san Oifig a bhaineann leis an nGaeilge. Le linn cur i bhfeidhm na Scéimeanna roimhe seo, cuireadh le chéile eolaire de na baill foirne atá inniúil i nGaeilge chun tacaíocht bhreise a thabhairt do na hOifigigh Ghaeilge. Dá réir sin, tá an Oifig ábalta déileáil go héifeachtach, i scríobh agus i labhairt trí mheán na Gaeilge de réir mar is gá agus leanfar ar aghaidh leis sin.

3.3 Leagtar amach na seirbhísí a chuireann gach Rannán den Oifig ar fáil thíos, mar aon le léargas ar an méid a dhéantar seirbhísí a sholáthar don phobal i gcoitinne agus sna cásanna ina ndéantar amhlaidh, an méid a dhéantar na seirbhísí sin a sholáthar trí Ghaeilge más gá.

3.4 An Rannán Stiúrtha

Abhcóidí agus aturnaetha atá sa Rannán Stiúrtha a scrúdaíonn comhaid imscrúdaithe coiriúla a fhaightear ón nGarda Síochána agus ó ghníomhaireachtaí imscrúdaithe eile. Tar éis an scrúdú sin a dhéanamh tugann siad treoir, trí Rannán na nAturnaetha agus trí na hAturnaetha stáit áitiúla, maidir le hionchúiseamh a thionscnamh nó leanúint ar aghaidh nó ionchúiseamh a tharraingt siar go hachomair (sa Chúirt Dúiche) nó ar díotáil (os comhair na

gcúirteanna seo a leanas, an Chúirt Chuarda, an Príomh-Chúirt Choiriúil agus an Chúirt Choiriúil Speisialta) agus tugtar treoir ar na cúisimh iomchuí.

Tugann siad treoir agus treoracha chomh maith, maidir leis na hiarratais go léir ar athbhreithniú breithiúnach, iarratais habeas corpus, cásanna sonraithe, bannaí agus aon iarratais eile sna huaschúirteanna, inar páirtí an Stiúrthóir. Soláthraíonn an Rannán treoir agus treoracha dlíthiúla leanúnacha go dtí go mbeidh an cás atá á éisteacht curtha i gcrích.

Cuireann an Rannán comhairle leanúnach ar fáil don Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí imscrúdaithe speisialacha eile i ndáil le hionchúisimh choiriúla atá beartaithe.

Cuirtear toirmeasc ar chumarsáid áirithe leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974, ar mhaithe le dul i gcion ar chinneadh ionchúiseamh a aistharraingt nó, ar chinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh, ach amháin i gcás cumarsáid ó: íospartach coiriúlachta; duine de theaghlach íospartaigh coiriúlachta; duine cúisithe; duine de theaghlach duine cúisithe; daoine a scríobhann thar ceann a gcliaint (dlíodóirí, dochtúirí agus oibrithe sóisialta).

Baineann an tseirbhís a chuireann an Rannán Stiúrtha ar fáil go díreach don phobal le cumarsáid i scríbhinn ó íospartaigh, teaghlaigh na n-íospartach, daoine atá cúisithe nó a dteaghlaigh, nó daoine a scríobhann thar ceann a gcliaint. De réir alt 9(2) den Acht, tugtar freagra trí Ghaeilge ar aon chumarsáid den sórt sin a fhaightear i nGaeilge. Déileálfaidh dlíodóirí sa Rannán Stiúrtha a bhfuil leibhéal inniúlachta sásúil acu i nGaeilge leis an gcumarsáid dhíreach nó mar rogha air sin, féadfar cúnaimh a lorg ón Oifigeach Gaeilge nó ón fhoireann ar ár n-eolaire cainteoirí Gaeilge inmheánach.

D'fhéadfadh go mbeadh ar an Rannán Stiúrtha déileáil le roinnt bheag comhad cásanna nó imeachtaí dlíthiúla a éilíonn go mbainfear úsáid as an nGaeilge. De réir fhorálacha an Achta, déileáiltear le haon chásanna nó imeachtaí mar sin trí Ghaeilge agus tugtar freagra orthu trí Ghaeilge. D'fhéadfadh go mbeadh cúnaimh ón Oifigeach Gaeilge nó cúnaimh ó sheirbhís aistriúcháin ghairmiúil sheachtrach á lorg mar chuid de sin.

3.5 Rannán na nAturnaetha

Cuireann Rannán na nAturnaetha seirbhís aturnae ar fáil don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in ionchúisimh choiriúla i gCúirteanna Dúiche Dhúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath agus i ndáil le cásanna sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Áirítear ar an obair sin Leabhair Fianaise a ullmhú agus obair trialach, lena n-áirítear abhcóideacht, chomh maith le hiarratais chun na hArd-Chúirte agus chun na Cúirte Uachtaraí, de réir mar is cuí. Soláthraíonn an Rannán an tseirbhís seo freisin i ndáil le himeachtaí sna huaschúirteanna, i gcás gur páirtí Stiúrthóir, lena n-áirítear iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, iarratais habeas corpus, cásanna sonraithe, iarratais ar bhannaí.

Bíonn cumarsáid idir an fhoireann dhlíthiúil i Rannán na nAturnaetha agus an pobal nó a n-ionadaithe nuair a bhíonn freagra á thabhairt ar chumarsáid i scríbhinn nó ar an teileafón a dhéanann gearánach nó cosantóir nó a dhéantar thar ceann an ghearánaigh nó an chosantóra in imeachtaí coiriúla nó ó dhuine atá páirteach mar chomhairleoir dlí nó leighis do dhuine a bhfuil baint aige nó aici leis an ní. Déileálfaidh an fhoireann dhlíthiúil a bhfuil leibhéal inniúlachta sásúil acu i nGaeilge leis an gcumarsáid dhíreach nó mar rogha air sin, féadfar cúnaimh a lorg ón Oifigeach Gaeilge nó ón fhoireann ar ár n-eolaire cainteoirí Gaeilge inmheánach.

Bhí roinnt cásanna maidir le hathbhreithniú breithiúnach trí Ghaeilge ann ó tháinig na Scéimeanna Gaeilge roimhe seo i bhfeidhm. Is comhaltaí den fhoireann dhlíthiúil a bhí inniúil sa Ghaeilge chomh maith le hAbhcóide a fostaíodh a bhí líofa sa Ghaeilge a phróiseáil iad sin, de réir fhorálacha an Achta. Rinneadh seirbhísí a lorg ó aistritheoir Gaeilge gairmiúil seachtrach nuair a bhí sin cuí.

Déantar socruithe chun seirbhísí teangaireachta trí Ghaeilge a fháil sa líon beag cásanna eile ina n-iarrann an duine cúisithe go ndéileálfaí lena chás nó lena cás trí Ghaeilge.

3.6 An tAonad Polasaí Ionchúisimh

Tá an tAonad Polasaí Ionchúisimh & Taighde comhdhéanta de dhlíodóirí agus de thaighdeoirí dlíthiúla. Tá an tAonad freagrach as polasaí ionchúisimh a cheapadh, as comhairle a thabhairt ar dhoiciméid polasaí a chuirtear faoi bhráid na hOifige seo lena mbreithniú agus as seirbhísí taighde dlí a sholáthar.

Ó am go ham, féadfaidh an tAonad doiciméid pholasaí a thabhairt ar aird a bheidh ar fáil don phobal i gcoitinne.

3.7 Seirbhísí Leabharlainne agus Eolais

Tá na Seirbhísí Leabharlainne agus Eolais comhdhéanta de Leabharlannaí agus foireann tacaíochta riaracháin. Cuireann an tAonad faisnéis agus seirbhísí saineolais ar fáil don fhoireann riaracháin agus dlí araon. Ní chuireann an tAonad Taighde seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne.

3.8 An Rannán Riaracháin

Is gnáthghráid seirbhíse den Státseirbhís den chuid is mó atá sa Rannán Riaracháin a dhéanann na seirbhísí eagraíochta, bonneagair agus riaracháin a theastaíonn ón Oifig a chur ar fáil.

Áirítear seirbhísí earcaíochta, iarratais ar shaoráil faisnéise, soláthar faisnéise don phobal i gcoitinne trí fhoilseacháin Oifigiúla agus trí láithreán gréasáin na hOifige, gearáin agus iarratais ar fhaisnéis ghinearálta maidir le hobair na hOifige.

Fógraítear na comórtais earcaíochta go léir a eagraíonn an Oifig i nuachtáin Ghaeilge. Cuireann an Oifig in iúl freisin go bhfáiltítear roimh iarratais i nGaeilge nó i mBéarla. Níl taifead ann gur bhain iarratasóir ar bith leas riamh as an tsaoráid iarratas a chur isteach i nGaeilge.

Foilsítear na foilseacháin oifigiúla go léir a tháirgeann an Oifig go dátheangach nó i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá láithreán gréasáin na hOifige dátheangach.

Is é an tAonad Cumarsáide & Forbartha a dhéileálann le glaonna gutháin a fhaightear ón bpobal ginearálta. Tá socruithe ar bun lena chinntiú go bhféadfaidh fáilteoirí agus baill foirne san Aonad Cumarsáide & Forbartha, an glaoiteoir a chur ar aghaidh gan mhoill chuig ár nOifigeach Gaeilge nó chuig ball foirne ar ár n-eolaire inmheánach Cainteoirí Gaeilge.

Tá an Rannán Riaracháin freagrach as cur chun cinn na Gaeilge go ginearálta san Oifig. Go dtí seo tá na seirbhísí seo a leanas curtha ar fáil don phobal i gcoitinne:

- Tá lógó na hOifige i nGaeilge agus i mBéarla araon ar staiseanóireacht, duillíní dea-mhéine agus cártaí gnó na hOifige.
- Tá na Fógraí Séanta ar na ríomhphoist uile a théann amach i nGaeilge agus i mBéarla
- Tá seoladh ríomhphoist tiomanta i nGaeilge bunaithe ag an Oifig le go bhféadfaí comhfhreagras leictreonach i nGaeilge a fháil go héasca (gaeilge@dppireland.ie)

4. SEIRBHÍSÍ A CHUIRFEAR AR FÁIL TRÍ GHAeilGE

4.1 Tiomantas Ginearálta ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá an Oifig tiomanta an leibhéal seirbhíse a tugadh chun cinn le linn na Scéimeanna Gaeilge deiridh a choinneáil. Tá sí tiomanta freisin a chinntiú go mbeidh soláthar seirbhísí dátheangacha agus trí mheán na Gaeilge mar chuid de chultúr na heagraíochta agus go dtreiseoidh fheidhmiú na tríú Scéime Gaeilge sin.

Beidh feidhm leis na gealltanais maidir le caighdeáin seirbhíse ar ghlac Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo inár bPlean Gníomhaíochta Scothseirbhíse agus inár gCairt maidir leis na seirbhísí sin, cibé an seachadófar iad trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

Seo a leanas na nithe a leanfaidh an Oifig a dhéanamh:

- freagra a thabhairt i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge de réir alt 9(2) den Acht
- freastal ar dhaoine gur mian leo go ndéileálfaí lena n-imeachtaí sa chúirt trí Ghaeilge
- an leibhéal éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge ón bpobal i gcoitinne a thomas ar bhonn leanúnach
- gníomh a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh fáil ar acmhainní dóthanacha chun freastal don éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge
- an fhoireann a spreagadh freastal ar chúrsaí oiliúna i nGaeilge chun críocha a scileanna teanga a fheabhsú agus é sin a éascú
- an líon foirne atá inniúil sa Ghaeilge a choinneáil faoi athbhreithniú
- a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go mbeidh foireann ar ardchumas Gaeilge scaipthe go hiomchuí ar fud Aonaid agus Rannáin éagsúla na hOifige d'fhonn tacú leis na gealltanais arna leagan amach sa scéim seo
- cur chun cinn na Gaeilge go ginearálta san áit oibre a éascú trí ghníomhaíochtaí sóisialta agus eile

4.2 Fáilteoirí

Is iad na Fáilteoirí an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar pholasáí ag an Oifig a chinntiú go mbeidh cleachtas Seirbhíse Ardchaighdeáin Cháilíochta i bhfeidhm san ionad fáiltithe.

- Cinnteoidh na Fáilteoirí go dtabharfar ainm na hOifige i nGaeilge agus i mBéarla

- Beidh na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar eolas ag na Fáilteoirí
- Beidh socruithe cuí i bhfeidhm le gur féidir leis an bpobal teagmháil gan mhoill a dhéanamh leis an oifigeach a mbeidh sé de dhualgas air/uirthi an tseirbhís a theastaíonn a sholáthar trí Ghaeilge, nuair is ann dóibh

4.3 An tOifigeach Gaeilge (ILO)

Seo a leanas na nithe a leanfaidh an tOifigeach Gaeilge a dhéanamh:

- tacaíocht agus cúnaimh a chur ar fáil maidir le gnáthchomhfhreagras agus le gnéithe áirithe de dhoiciméid dhlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann ó am go ham a aistriú go Gaeilge
- na cásanna nuair is gá ábhar i nGaeilge a chur amach le bheith aistrithe go gairmiúil a chur in iúl
- cúnaimh tacaíochta agus pointe tagartha a chur ar fáil do gach ball foirne a ghlacann glaonna gutháin nó a dhéileáil le comhfhreagras scríofa nó leictreonach eile i nGaeilge

4.4 An tAonad Cumarsáide & Forbartha

Is é an tAonad Cumarsáide & Forbartha atá freagrach anois as cur i bhfeidhm na Scéime Gaeilge a chomhordú. Go dtí deireadh na Scéime beidh an tAonad freagrach as na nithe seo a leanas, ach amháin sna cásanna ina luaitear a mhalairt:

- tuairisc a thabhairt díreach don bhainistíocht shinsearach ar bhonn bliantúil maidir le cur i bhfeidhm na Scéime Gaeilge 2014 – 2017.
- fardal ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a choinneáil, i gcomhar leis an Oifigeach Gaeilge, le linn chur i bhfeidhm na Scéime 2014 - 2017
- suirbhé a dhéanamh ar leibhéal inniúlachta na foirne sa Ghaeilge mar chuid den fhorbairt atáthar a dhéanamh ar inlíon na hOifige
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge agus leis an Oifigeach Oiliúna maidir le cur chun cinn cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge agus leis an Oifigeach Oiliúna maidir le hoiliúint i bhfeasacht teanga ar na Cláir Insealbhathe
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Oiliúna maidir le hoiliúint leanúnach d'oibreoirí lasc-chlár, d'fháilteoirí agus don fhoireann san Aonad Cumarsáide & Forbartha lena chinntiú go ndéileálfar le cumarsáid i nGaeilge ar bhealach pras agus sásúil
- nuair a bheifear i mbun inlíon Oifige a fhorbairt go gcuirfí rannóg Gaeilge ar fáil ina mbeidh mbeidh an fhoireann in ann teacht go réidh ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí Gaeilge.

- Saoráid Próifíle Foirne a bheith ar inlíon na hOifige ina mbeidh mionsonraí ar na comhaltaí foirne ar fad atá inniúil i nGaeilge.
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an tSeirbhís Leabharlainne & Faisnéise maidir leis an eolaire d'ábhar acmhainne atá ar fáil i nGaeilge agus a chinntiú go ndéanfar an t-eolaire a choimeád agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí
- láithreán gréasáin na hOifige a choimeád i bhformáid dhátheangach agus a thabhairt cothrom le dáta
- a chinntiú go mbeidh an t-ábhar statach ar aon láithreáin ghréasáin nua a d'forbrófaí i rith na scéime seo dátheangach.
- a chinntiú go mbeidh na bileoga eolais agus na foirmeacha iarratais go léir a chuireann an Oifig ar fáil le scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne á gcur ar fáil agus go leanfar á gcur ar fáil ag an am céanna sa dá theanga oifigiúla ar an láithreán gréasáin, agus nuair is cuí doiciméid den sórt sin a fhoilsiú faoi chlúdach amháin. Cinnteoidh an Oifig nuair a chuirfear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil mar leaganacha ar leith i nGaeilge agus i mBéarla, go gcuirfear ráiteas oiriúnach ar an leagan Béarla den doiciméad ag cur in iúl go bhfuil leagan Gaeilge ar leith den doiciméad ar fáil agus go bhfuil an leagan Gaeilge le fáil chomh héasca céanna leis an leagan Béarla.
- tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge ar lógó na hOifige agus ar stáiseanáireacht, ar dhuillíní dea-mhéine agus ar chártaí
- a chinntiú go mbíonn an chomharthaíocht ar fad sa chóiríocht Oifige ina bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí dátheangach.
- ailt i nGaeilge a chur san áireamh i ngach eagrán den nuachtlitir in-tí a chur chun cinn

Ní sholáthraíonn an Oifig seirbhísí idirghníomhacha ar-líne i láthair na huaire. Má chuirtear seirbhísí idirghníomhacha ar fáil ar líne amach anseo áfach, tabharfar isteach iad sa dá theanga ag an am céanna.

4.5 An tAonad TF:

Tá an córas leictreonach Cás, Bainistithe Doiciméad agus Comhaid a Rianú ábalta an Ghaeilge a láimhseáil go hiomlán.

Beidh aon chórais nua ríomhaireachta a chuirfear isteach sa todhchaí go hiomlán ábalta an Ghaeilge a láimhseáil chomh maith.

5. MONATÓIREACTH

- 5.1** Beidh an tAonad Cumarsáide & Forbartha freagrach as oibriú éifeachtach na Scéime Gaeilge 2014 - 2017. Déanfaidh an tAonad monatóireacht ar fheidhmiú na Scéime agus tuairisceoidh sé chuig an mbainistíocht shinsearach ar bhonn bliantúil. Foilseofar tuairisc ar fheidhmiú na Scéime i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige.

6. POIBLÍOCHT DON SCÉIM CHOMHAONTAITHE

6.1 Poibleofar ábhar na scéime seo mar aon le gealltanais agus soláthairtí na scéime don phobal i gcoitinne trí na nithe seo a leanas:-

- Seoladh na Scéime ar láithreán gréasáin na hOifige

i dteannta na mbearta seo, tapóidh an Oifig gach deis chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, lena n-áirítear, fonótaí a chur ar threoirínite, ar bhileoga eolais agus ar fhoirmeacha iarratais ar leith a mhíneoidh go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge chomh maith (i gcásanna nuair nach mbíonn an t-ábhar priontáilte dátheangach ar fáil faoi clúdach amháin).

6.2 Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga freisin. Is é an leagan Béarla buntéacs na scéime seo.

